# Cód Iompair

## 1. Ginearálta

### 1.1 Scóp

Baineann an polasaí seo le daltaí uile, tuismitheoirí/caomhnóirí agus foireann Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin. Cuirtear i bhfeidhm é le linn scoile, ag imeachtaí scoile, ar thurasanna scoile agus le linn scrúduithe stáit. Cruthaíodh an polasaí seo i gcomhairle le páirtithe leasmhara uile na scoile.

### 1.2 Baint le sainspiorad na scoile

'Sí aidhm Ghaelcholaiste Charraig Uí Leighin ná timpeallacht shábháilte a chur ar fáil ina dtugtar tús áite d'fholláine an dalta, agus ina mbíonn meas, cothromaíocht agus ionracas mar bhunchloch an uile chumarsáide.

'Sí an fhoghlaim bunchloch Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin. Tugtar tacaíocht agus dúshlán don uile dhalta faoinár gcúram barr a gcumas acadúil, pearsanta, sóisialta agus morálach a bhaint amach i dtimpeallacht lán-Ghaelach ina dtugtar tús áite do mheas, do chothramaíocht agus d'ionracas.

Tuigtear a thábhachtaí is atá rannpháirtíocht na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, agus cuirimid fúinn ár n-aidhmeanna scoile a chur i bhfeidhm lena dtacaíocht.

Braitheann ard-chaighdeán rathúil na scoile ar ardchaighdeáin ins an uile ghné de shaol na scoile. Táthar ag súil le hardchaighdeán iompair, oibre, rannpháirtíochta, caidrimh agus cumarsáide sa scoil agus is iad bunchlocha na n-ionchas seo ná táscairí folláine na Sraithe Shóisearaí. Is iad sin feasacht, meas, athléimneachas, ceangailte, freagrach agus gníomhach.

Creidimid go bhfuil tacaíocht agus moladh riachtanach d'fhás, d'fhorbairt, d'fhoghlaim agus d'fholláine ár ndaltaí. Déantar daltaí a mholadh agus a aithint as ardchaighdeáin iompair. Cuirtear béim ar luach ionchuir dearfacha in ionad diúltacha.

Mar scoil atá faoi phatrúnacht Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, Tá sé mar aidhm againn anseo éiteas cuimsitheach, dearfach a cothú bunaithe ar na croíluachanna: meas, pobal, comhionannas, cúram agus barr feabhais san oideachas.
Creidimid go bhfuil gach ball dár bpobal scoile i dteideal na dínite agus an chineáltais. Spreagaimid na daltaí meas a léiriú orthu féin, ar a chéile, agus ar a dtimpeallacht. Trí

fhíorchúram agus tacaíocht, cothaímid folláine agus forbairt phearsanta gach dalta. Oibrímid le chéile mar phobal, ag ceiliúradh na héagsúlachta agus ag cur deiseanna cothroma chun cinn do chách. Agus sinn ag dréim le barr feabhais san oideachas, tá sé mar aidhm againn gach foghlaimeoir a spreagadh chun a lánchumas a bhaint amach agus cur go dearfach leis an saol mórthimpeall orthu.

### 1.3 Cómhthéacs

Deineadh an polasaí seo a fhorbairt le comhairliúchán pháirtithe leasmhara uile na scoile, le folláine na ndaltaí go lárnach ann agus ar aon dul le héiteas na scoile. Ba chóir go leifí é i gcómhthéacs Pholasaí um Chosaint Leanaí, Pholasaí Sláinte agus Sábháilteachtacha, Pholasaí Turasanna Scoile, Polasaí Bí Cineálta, Bheartas um Úsáid Inghlactha na Teicneolaíochta, Bheartas i leith na Gaeilge, Chairt um Dhínit Oibre, Stráitéis Tinrimh, Pholasaí Éide Scoile, Pholasaí Saor ó Chaitheamh san Ionad Oibre, Polasaí Folláine, Beartas um Úsáid Fóin Pearsanta ar Scoil, Pholasaí Fionraíochta agus Díbeartha Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin, Threorlínte Bhord Leasa Oideachais Náisiúnta ar Chód Iompar a fhorbairt (2008), fhoilsiúchán an ESRI Growing up in Ireland: How families matter for Social and Emotional Outcomes (2006 ar aghaidh), Threoirlínte Folláine na Sraithe Shóisearaí (2017) agus i gcomhthéacs 8 bprionsabal Vass agus Hook. Feic Agúisín 1. Cuirtear béim ar leith ar thábhacht na folláine i bhfás agus i bhforbairt an duine óig. Moltar go láidir barr feabhais, agus na caighdéain is airde gnóthaíochta san uile ní. Is léiriú ríthábhachtach ar na hardchaighdeáin úd iompar na ndaltaí.

### 1.4 Réasúnaíocht

Aithníonn an polasaí seo an dalta mar dhuine aonair speisialta a bhfuil timpeallacht shlán shabháilte dearfach tuillte aige/aici agus áit ina dtugtar gach tacaíocht d'fholláine gach duine.

Tacaíonn dea-iompar go mór leis an timpeallacht fhoghlama seo agus le folláine an pháiste. Is cuid lárnach d'éiteas na scoile an meas, an chothromaíocht agus an t-ionracas. Ní cheadaítear aon iompar atá drochbhéasach, easurraimeach, contúirteach, toirmeascach nó lena mbeadh baol sláinte nó sábháilteachta. Cothaíonn na luachanna tábhachtacha scoile seo aontas agus gaoil dearfacha, a thacaíonn le hardchaighdeáin teagaisc agus fhoghlama.

### 1.5 Spriocanna

Is iad spriocanna an pholasaithe seo ná:

a) Folláine gach ball de phobal na scoile a neartú agus bunphrionsabail na scoile, mar atá meas, cothromaíocht agus ionracas a threisiú;

b) Dea-iompar a mholadh agus tacú leis;

c) Caidreamh maith idir gach uile bhall de phobal na scoile a chothú agus a chaomhnú;

d) An Gaeilge mar theanga labhartha na scoile a chinntiú;

e) Freagracht na ndaltaí ó thaobh a bhfoghlama, a bhféin-eagrú agus a n-iompar a mhéadú;

f) Próisis éifeachtacha a chur i bhfeidhm ionas go bhfeidmeoidh an scoil go héifeachtúil;

g) Foghlaimeoirí neamhspleácha a chothú is a chaomhnú;

h) Saoránaigh fhreagracha a chothú;

i) Sláinte agus sábháilteacht gach duine sa scoil a chosaint;

j) Soiléiriú a thabhairt do thuismitheoirí, do dhaltaí, do mhuinteoirí agus do bhainistíocht na scoile ar na hardchaighdeáin iompair lena bhfuiltear ag súil;

k) Na stráitéisí go mb'fhéidir go n-úsáidfear sa scoil chun dea-iompar a spreagadh agus droch-iompar a chosaint ar phobal na scoile;

l) Achoimre a thabhairt ar na smachtbhannaí go mb'fhéidir go úsáidfear i gcás iompair mhíchuí.

## 2. Ábhar an Pholasaí

Táthar ag súil i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin:

a) Go léiríonn gach dalta meas orthu féin agus ar an uile dhuine ina t(h)impeallacht;

b) Go gcloítear le Polasaí Bí Cineálta na scoile i gcónaí. Ní ghlacfar le maistíneacht d'aon tsaghas;

c) Go labhraítear an Ghaeilge i gcónaí ar scoil agus ag imeachtaí scoile;

d) Go mbíonn gach dalta i láthair, in am, agus rannpháirteach;

e) Go gcaitheann gach dalta éadaí scoile, agus go mbíonn crut deas neata ar gach dalta, ar aon dul le Polasaí Éide Scoile Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin;

f) Go bhfanann gach dalta glan d'aon rud, iompar nó cumarsáid gur bhaol sláinte agus sábháilteachta é;

g) Go ndéanann gach aon duine a d(h)ícheall chun barr a c(h)umais a bhaint amach, go dtugtar an-aire ó thaobh obair bhaile agus obair scoile de, agus go n-úsáidtear dialann na scoile mar a leagtar amach;

h) Go leantar treoracha na foirne;

i) Go bhfanann daltaí i dtimpeallacht na scoile ag am sosa agus ag am lóin;

j) Nach dtugtar cead fón póca agus/nó gléasanna pearsanta a úsáid ar thalamh na scoile nó ag imeachtaí scoile, ach amháin i gcás imthosca eisceachtúla nuair a thugann udaráis na scoile toiliú roimh ré. Ní mór fón/guthán póca agus gléasanna pearsanta a choimeád go daingean múchta sa bhosca fóin. Sa chás go bhfágfar fón sa bhaile tá sé de dhualgas ar na tuismitheoirí/caomhnóirí ephost a sheoladh chuig an gCeann Bliana/Oifig na Scoile.

k) Go leantar treoir na foirne maidir le nithe nach bhfuil ceadaithe sa scoil. Ina measc siúd, tá tobac, guma coganta, deochanna meisciúla, galthoitíní, drugaí, substaintí nó aon rud eile nach bhfuil oiriúnach nó gur baol sláinte agus sábháilteachta é, ar scoil, ag imeachtaí scoile, nó nuair atá an éide scoile á caitheamh;

l) Go bhfanfar glan den chaitheamh d'aon tsaghas, vápáil san áireamh;

m) Go gcoimeádtar iPadanna go daingean agus go dtógtar amach iad ag am teagaisc amháin, agus go gcloítear le Beartas um Úsáid Inghlactha Teicneolaíochta na scoile;

n) Go léiríonn gach duine meas ar thimpeallacht na scoile, agus go gcoimeádtear glan slachtmhar í;

o) Go léiríonn gach duine meas ar mhaoin gach duine eile;

p) Go ndéantar teagmháil le baile, más gá, tríd na húdaráis scoile, agus le cead ó na húdaráis scoile, ar fhón na scoile amháin;

q) Más gá do dhalta an scoil a fhágaint luath, ní mór ephost a sheoladh chuig Oifig na Scoile ag míniú na cúise, agus cóipeál a dhéanamh ar an gCeann Bliana chuí.

r) Go seoltar ephost chuig Oifig na scoile agus an gCeann Bliana ar an gcéad lá den as láithreachas ag míniú cúis an asláithreachais;

s) Go gcoimeádtar dialann na scoile go deas néata. Is ar an dalta agus a t(h)uismitheoirí atá an fhreagracht dialann nua a cheannach má chailltear nó má dhéantar damáiste di;

t) Go léiríonn gach ball de phobal na scoile meas, cúirtéis agus béasaí maithe lena chéile ar scoil agus ag gach ócáid scoile, ar aon dul le bhunphrionsabail na scoile, mar atá meas, cothromaíocht agus ionracas.

u) Ar mhaithe le sláinte agus le sábháilteacht, cabhróidh daltaí le hiniúchtaí scoile chomh maith agus is féidir leo.

v) Ní bhaileoidh daltaí sna leithrisí, agus ní cheadaítear ach dalta amháin i ngach cubhachail ag an am.

Tá ról lárnach ag an dea-iompar i bhFolláine na scoile, agus tabharfar gach tacaíocht féideartha do dhaltaí ó thaobh an iompair de. Cuirfear béim i gcónaí ar an dea-iompar a mholadh is a chothú, is sinn ag súil leis na caighdeáin is airde iompar (Feic Aguisín 2).

## 3 Ról agus Freagrachtaí

### 3.1 Freagrachtaí na ndaltaí

Is é freagracht gach dalta:

a) cloí le gach gné den pholasaí seo, agus cur le timpeallacht shlán, shábháilte agus tacúil na scoile ina dtugtar tús áite d'fholláine agus do sábháilteacht gach dalta agus;

b) a chinntiú go gcomhlíontar aon tacaíocht iompair a chuirtear i bhfeidhm dóibh go beacht.

c) Ní mór do dhaltaí cóip den Dialann a fháil ón gCeann Bliana/Oifig na Scoile sa chás go ndearmadtar é sa bhaile.

### 3.2 Freagrachtaí na dTuismitheoirí/Caomhnóirí

a) Braitheann an scoil ar thacaíocht na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí chun an polasaí seo a chur i bhfeidhm. Níl sé praicticiúil nó féidearthach go ndéanfaí eisceachtaí leis. Déanfaidh an scoil gach aon tacaíocht gur féidir a chur ar fáil do dhaltaí, agus táthar ag súil leis an tacaíocht chéanna ó thuismitheoirí/chaomhnóirí.

b) Is í freagracht gach tuismitheora/caomhnóra a chinntiú go dtuigeann a bpáiste na hardchaighdeáin iompair lena bhfuiltear ag súil, agus na cúiseanna a bhaineann leo.

c) Tá sé fíorthabhachtach cúntas VS Ware an dalta a sheiceáil go seachtainiúil.

### 3.3 Freagrachtaí na Fóirne

Déanfaidh múinteoirí monatóireacht ar an iompar ar bhonn laethúil. Tá ról lárnach ag gach ball fóirne sa chómhthéacs seo. Feic Aguisíní 2 agus 3. Tá cead ag aon bhall fóirne aon rud atá ag dalta a bhraithtear gur baol sláinte agus sábháilteachta é, a thógaint ó dhalta. Sa chás go mbíonn eachtra dáiríre droch-iompair, tabharfar deis don dalta a gcúntas a scríobh faoi.

### 3.4 Ról na Seirbhísí Poiblí

Bainfear úsáid as seirbhísí eachtrannacha ar nós NEPS le tacaíocht iompair a thabhairt do dhaltaí, más gá. Úsáidfear na seirbhísí úd ag aon leibhéal den Dréimire Tagartha gur gá, feic Aguisín 4. Cuirfear aon tuairisc gur gá chuig Túsla agus/nó an Garda Síochána.

## 4. <u>Neamhchomhlíonadh ar riachtanais an pholasaí seo</u>

Tuigtear gur gá smachtbhannaí a úsáid chun tacú le dalta machnamh a dhéanamh ar a (h)iompar, agus le meabhrú dóibh an t-iompar áirithe sin a sheachaint ina dhiaidh sin. Más eachtraí leanúnacha nó dáiríre iompair atá i gceist, tógfaidh Bainistíocht na Scoile cinneadh faoin smachtbhanna cuí don chás áirithe sin. Feicfear samplaí de na smachtbhannaí sin in Aguisín 3. Is iad údaráis na scoile a thógfaidh an cinneadh i gcónaí faoi cad is iompar sásúil ann.

De réir Acht an Oideachais 1998, agus sa chás go bhfuil buairt dháiríre faoi iompar dalta, tá sé de cheart ag bainistíocht Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin dalta a chur ar fionraí nó a dhíbirt ón scoil, ar aon dul le Polasaí Fionraíochta agus Díbeartha na scoile.

# Agúisín 1

# 8 bPrionsabal Vass agus Hook chun timpeallacht dearfach a chothú sa seomra ranga

1. Pleanáil d'iompar maith
2. Scar an t-iompar ón dalta
3. Teanga oiriúnach
4. Fócas ar an príomh-iompar
5. Déan muinín agus tacaíocht a thógáil
6. Léirigh an t-iompar atá ag teastáil
7. Lean ar na fadhbanna atá tabhachtach
8. Ath-cheangail agus deisigh caidreamh.

# <u>Aguisín 2</u>

## Straitéis Molta a úsáidtear

Moladh ó bhéal

Nóta dearfach ar VS Ware

Gaeilgeoir na Seachtaine

Gaeilgeoir na Míosa

Fógra ag an Tionól

Nóta/Tuairisc ar an gClár Fógraí

Dea-obair a thaispeáint timpeall na scoile

Córas Giolcaireachta na Scoile

Suíomh Idirlín na scoile

Turasanna Scoile

Pointí do Comórtas Idir-Ranga

Cárta Feabhais

Gradaim éagsúla

Litir Aitheantais

Ócáidí Céiliúrtha

Oíche na nGradam

# Aguisín 3

## Samplaí de smachtbhannaí go mb'fhéidir go n-úsáidfear

Comhrá leis an dalta

Dalta a bhogadh

Obair bhaile bhreise

Nóta sa dialann

Baint pribhléidí

Gléas a bhaint

Tréimhse Mhachnamhach

Cabhair bhreise Ghaeilge am lóin

Cárta Obair Bhaile/Monatóireachta

Cárta Gaeilge

Cárta Iompair

Cárta Promhaidh

Glaoch abhaile

Cruinniú le tuismitheoirí/caomhnóirí

Íoc as an damáiste a dhéantar

Dalta a chur ar fionraí/a dhíbirt ón scoil

# <u>Aguisín 4</u>

# Dréimire Tagartha

Úsáidtear an dréimire tagartha chun dul i ngleic le heachtraí drochiompair agus ar na baill foirne a d'fhéadfadh a bheith ag plé leo. Dá dáiríre is atá an eachtra, is é is airde ar an dréimire tagartha a raghfar. Tá an dréimire tagartha leagtha amach mar seo thíos:

1) Múinteoir Ábhair
2) Oide Ranga
3) Ceann Bliana
4) Príomhoide Tánaisteach/Príomhoide

Is é/í an chéad bhall foirne a thagann ar an eolas faoin eachtra iompair an chéad phointe tagartha sa phlé ar an eachtra.

**Céim 1: Múinteoir Ábhair**

Baineann gach múinteoir ábhair úsáid as straistéisí bainistíochta ranga chun gnátheachtraí iompair a réiteach ina ranganna féin.

**Céim 2: Oide Ranga**

Tá Oide Ranga ag gach rang. Tá ról tábhachtach ag an Oide Ranga leis an bhfolláin agus an dea-iompar a chothú. Tuairiscítear aon choir throm nó mionchoireanna leanúnacha don Cheann Bliana.

**Céim 3: Ceann Bliana**

Tá Ceann Bliana bainteach le gach blianghrúpa, le duine i bhfeighil ar ghrúpa ar leith. Tá ról tábhachtach ag an gCeann Bliana leis an bhfolláine agus leis an dea-iompar a chothú. Tuairiscítear aon choir throm nó mionchoireanna leanúnacha don Cheann Bliana. Tá ról tréadchúraim agus iompair aici/aige leis na ranganna go léir sa bhliainghrúpa seo.

**Céim 4: An Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach**

Muna bhfuil feabhas tar éis teacht ar iompar dalta in ainneoin iarracht na scoile, nó más eachtra dáiríre aonair atá i gceist, cuirfidh an Ceann Bliana an cás faoi bhráid an Phríomhoide/Phríomhoide Thánaistigh. Sa chás seo, tabharfar deis don dalta tuairisc scríofa a dhéanamh. Má thógann an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach an cinneadh gur gá an dalta a chur ar fionraí, leanfar na céimeanna ata leagtha síos sa Pholasaí Fionraíochta agus Díbeartha.

# Aguisín 5

# Córas na gCartaí

Úsáidtear Córas na gCártaí más gá san ord seo leanas;

| | |
|---|---|
| **Leibhéal 1** | Cárta Feabhais |
| **Leibhéal 2** | Cárta Obair Bhaile nó Cárta Monatóireachta |
| **Leibhéal 3** | Cárta Iompair |
| **Leibhéal 4** | Cárta Promhaidh |

1. **Cárta Feabhais**

Tugtar é seo do dhalta ar feadh cúig lá chun tacaíocht agus cabhair a thabhairt don dalta feabhas a chur ar ghnéithe áirithe dá f(h)oghlaim. Úsáidtear é chun monatóireacht a dhéanamh seachas mar smachtbhanna. Is féidir le aon Mhúinteoir Ábhair an cárta seo a thabhairt don dalta, agus déanann sé/sí seiceáil laethúil air. Cuireann sé/sí tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) ar an eolas faoin gcárta agus an chúis a bhaineann leis. Ní smachtbhanna é seo do dhaltaí.

Ag deireadh na tréimhse cúig lá, déanann an tOide Ranga cinneadh ar cheart deireadh a chur leis an gCárta nó Cárta Monatóireachta a thabhairt don dalta. Coimeádtar an Cárta i bhfillteán an dalta sin.

Má chailleann an dalta an cárta, tugtar cárta eile agus coimeád am lóin dó/di.

2. **Cárta Obair Bhaile**

Is smachtbhanna é seo. Tugann an tOide Ranga an cárta seo má tá buairt maidir le hobair bhaile an dalta. Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas faoi.

Tá an dalta freagrach as an gcárta a thabhairt don Oide Ranga gach maidin, agus é sínithe sa bhaile ag a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí an oíche roimhe sin.

Bíonn an cárta ag an dalta ar feadh tréimhse chúig lá.

Má chailleann an dalta an cárta, tugtar ceann eile agus coimeád am lóin dó/di.

Muna dtagann feabhas ar chursaí Obair Bhaile, tugtar cárta eile don dalta, agus cuirtear tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) ar an eolas faoi. Muna dtagann feabhas ar chúrsaí tar éis an tarna cárta, eagraítear cruinniú leis an dalta, leis an Oide Ranga agus na múinteoirí cuí chun rialacha na scoile, na hionchais scoile agus caighdeán inghlactha na scoile maidir le hobair

bhaile a phlé. Tugtar Cárta Obair Bhaile ar feadh cúig lá scoile eile don dalta ag an bpointe seo. Sa chás nách gcomhlíontar an cárta go sásúil, cuirtear an cás ar aghaidh chuig an gCeann Bliana.

Cuirtear gach cárta i bhfillteán an dalta ag deireadh na tréimhse sin.

### 3. Cárta Monatóireachta

Is smachtbhanna é seo. Tugann an t-Oide Ranga an cárta don dalta ar feadh tréimhse chúig lá scoile. Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas faoi. Ní mór don dalta an cárta a thabhairt don mhúinteoir ag tosach an ranga. Tá an dalta freagrach as an gcárta a fháil sínithe ag a t(h)uismitheoir(í)/c(h)aomhnóir(í) go laethúil. Úsáidtear é chun monatóireacht a dhéanamh ar an dalta.

Tugtar coimeád am lóin amháin don dalta leis an gCárta seo freisin.

Tugann an t-Oide Ranga an cárta seo, agus bíonn dualgas ar an dalta an cárta a thabhairt don Oide Ranga gach maidin roimh thosach na scoile nú ag am atá reamhshocraithe.

Ag deireadh na gcúig lá, déanann an Ceann Bliana cinneadh deireadh a chur leis an gCárta, nó Cárta eile a thabhairt ar feadh cúig lá scoile eile, nó Cárta Iompair a thabhairt don dalta.

Má chailleann an dalta an cárta, tugtar cárta eile agus coimeád am lóin dó/di.

Cuirtear gach cárta i bhfillteán an dalta ag deireadh na tréimhse.

Ní cheadaítear daltaí ar chárta monatóireachta freastal ar imeachtaí seach-churachlam fad is atá an cárta i bhfeidhm.

### 4. Cárta iompair

Is smachtbhanna é seo. Tugann an Ceann Bliana an cárta seo don dalta ar feadh tréimhse chúig lá scoile ar a laghad.

Tá an dalta freagrach as an gcárta a thabhairt don Cheann Bliana gach maidin, agus é sínithe sa bhaile ag a t(h)uismitheoir(í)/c(h)aomhnóir(í) an oíche roimhe sin.

Tugtar dhá choimeád am lóin leis an gCárta seo.

Má chailleann an dalta an cárta, tugtar cárta eile agus coimeád am lóín dó/di.

Muna bhfuil iompar an dalta sásúil agus é/í ar an gcárta, tugtar cárta eile dóibh ar feadh tréimhse chúig lá. Seoltar litir abhaile go dtí a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí ag tabhairt fógra dóibh. Muna dtagann feabhas ar iompar an dalta leis an tarna cárta, eagraítear cruinniú leis an dalta, a t(h)uismitheoir(í)/c(h)aomhnóir(í), an Ceann Bliana agus/nó an Príomhoide Tánaisteach, le plé a dhéanamh i measc rudaí eile, rialacha na scoile, an Polasaí Iompair, agus caighdeán inghlactha na scoile maidir le hiompar. Tugtar Cárta Promhaidh don dalta ag an bpointe seo ar feadh cúig lá scoile.

Cuirtear gach cárta i bhfillteán an dalta ag deireadh na tréimhse.

Ní cheadaítear daltaí ar chárta iompair freastal ar imeachtaí seach-churachlam fad is atá an cárta i bhfeidhm.

5. **Cárta Promhaidh**

Is smachtbhanna an-dháiríre é promhadh. Tugtar cead isteach ar ranganna don dalta fad is atá sé/sí ar promhadh ar an gcoinníoll go bhfuil a (h)iompar ar aon chaighdeán len' a bhfuil leagtha amach sa Pholasaí Iompair. Ní ghlactar le haon chaighdeán níos ísle ná seo.

Cuirtear in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí agus tugtar cuireadh dóibh freastal ar chruinniú scoile i gcás dalta a chuirtear ar promhadh.

Déantar dhá choimeád am lóin leis an gcárta seo.

Má chailleann an dalta an cárta, tugtar cárta eile agus coimeád am lóin dó/di.

Cuirtear an cárta i bhfillteán an dalta ag deireadh na tréimhse.

Ní cheadaítear daltaí ar chárta phromhadh freastal ar imeachtaí seach-churachlam fad is atá an cárta i bhfeidhm.

Tá an polasaí ar fáil do pháirtithe leasmhara uile na scoile.

Déanfar athbreithniú bliantúil air, agus/nó mar is gá. Rinneadh athbhreithniú air ar an 25ú Samhain, 2025.